Polasaí Tréadchuraim

Tá sainmheon Mheánscoil Gharman gaelach, críostúil, aireach, tacúil, measúil spreagúil, fáiltiúil cuidiúl agus tuisceanach. Tá gach caidreamh bunaithe ar mheas. Baineann an tréadchuraim le gach uile duine ar scoil.

Tuigimid leis an bhfocal tréadchuram go ndéanaimid mar scoil cúram den ghaol atá idir na páirtithe éagsúla sa scoil agaus go gcuirimid polasaithe agus struchtúir i bhfeidhm agus acmhainní ar fáil le tacaíocht a thabhairt don dalta agus é ag teacht in inmhe.

Struchtúir Fhoirmeálta

An Múinteoir Ranga:

Bíonn múinteoir ranga ag gach rang. Beidh teagmháil rialta ag an múinteoir ranga beagnach gach lá agus beidh deis ag gach dalta dul chun cainte leis an múinteoir ranga faoi fhadhbanna difriúla. Cuirfidh an múinteoir ranga an príomhoide nó an leasphríomhoide ar an eolas má bhíonn gá.

An Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach

Déananna an Príomhoide agus an príomhoide tánaisteach iarracht aithne phearsanta a chur ar an daltaí sa scoil ionas go mbeidh na daltaí ar a gcompord ag teacht chucu le rudaí a phlé.

Téann siad i dteagmháil le tuismitheoirí nó eagraíochtaí seachtracha ar nós NEPS nó TUSLA nuair a bhíonn gá leis.

Bíonn cumarsáid rialta acu le múinteoirí ranga agus le múinteoirí thacaíocht foghlama. Roinnfear eolas faoi dhaltaí le múinteoirí go discréideach de réir mar is gá.

Múinteoir Thacaíocht Foghlamama

Oibríonn an múinteoir thacaíocht foghlama leis na múinteoirí ar fad; bíonn sé i dteagmháil leis na tuistí, N.E.P.S. agus ullmhaíonn sé plean oideachais aonair do na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

An Séiplíneach

Tá beirt seiplíneach ar fáil chun caint leis na daltaí agus a dteaghlach. Freastlaíonn na seiplínigh ar na searmanais scoile difriúla i rith na bliana.

Múinteoirí Oideachais Sláinte

Déanann siad iarracht a chinntiú go bhfuil an curaclam aoisoiriúnach agus in oiriúint do riachtanais na ndaltaí sna bliainghrúpaí éagsúla.

Ceannairí Meithil

Roghnaítear na ceannairí Meithil ó ghrúpa dalta san Idirbhliain atá sásta cabhrú le daltaí sa chéad bhliain socrú isteach i saol na meánscoile.Is córas deonach é an córas Meithil. Déanann na daltaí a roghnaítear traénáil sa samhradh chun a bheith mar cheannaire sa chúigiú bliain. Tagann na ceannairí isteach i rith seachtain ionduchtaithe na céad bliana sa samhradh. Eagraítear roinnt imeachtaí chun deis a thabhairt dóibh aithne phearsanta a chur ar a chéile le cairdeas a fhorbairt idir sinsir agus sóisir na scoile.

Múinteoirí nua:

Bíonn ionduchtú ar siúl do na múinteoirí nua ag tús na bliana. Cuirtear fáilte roimh na múinteoirí, minítear eiteas na scoile agus pléitear an structúr agus na polasaithe atá i bhfeidhm sa scoil.

Tá an clár "Droichead" ar siúl do na múinteoirí nuacháilithe (N.Q.T.).

Coiste na ndaltaí:

Tá 9 ndalta ar Chomhairle na nDaltaí, ionadaí amháin ó gach rang. Déanann siad iarracht cruinniú a bheith acu uair amháin sa tseachtain.Bíonn deis ag na daltaí ceisteanna a bhaineann leo a phlé agus a chur roimh bhainistíocht na scoile.

Tinneas agus Timpistí:

Ní mór do mhúinteoirí an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi aon timpiste a tharlaíonn ar scoil nó tinneas a thagann ar scoláire. Rachaidh an bhainistíocht I dteagmháil leis na tuismitheoirí más gá agus iarrfar orthu teacht agus a bpáiste a bhailiú ón scoil.

I gcás éigeandála, tabharfar an scoláire chuig an dochtúir nó ospidéal agus cuirfear tuismitheoirí ar an eolas chomh luath agus is féidir. Ní mór do thuismithoirí cinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach leighis tugtha acu ar fhoirm chlárúcháin na scoile.

Tabhair faoi deara

An idirbhliain ag glacadh páirt sa chlár “Face in the Crowd” as seo amach. Tá sé eagraithe ag an Mental Health Association i Loch Garman.

Táimid ag obair faoi láthair ar chóras dearfach nua do na daltaí.